

Téarmaí agus Coinníollacha do RTÉ.ie

Tá RTÉ.ie (www.RTE.ie) agus/nó, de réir mar a cheadaítear nó mar a cheanglaítear leis an gcomhthéacs, aon ardáin, aon chuntais nó aon leathanaigh a bhfuil brandáil RTÉ orthu) ina chuid de Raidió Teilifís Éireann ("RTÉ") arb é Craoltóir Náisiúnta Seirbhíse

Trí úsáid a bhaint as an láithreán seo aontaíonn tú a bheith faoi cheangal dlí ag na téarmaí agus ag na coinníollacha seo, ar téarmaí agus coinníollacha iad ina leagtar amach conas a fhéadfaidh tú RTÉ.ie a úsáid, chomh maith lenár [Ráiteas Príobháideachais](#) agus Tuairimí Úsáideoirí: Téarmaí Úsáide. I gcás ina n-úsáideann tú RTÉ ID, beidh feidhm ag Téarmaí & Coinníollacha Úsáide RTÉ ID agus ag Ráiteas Príobháideachais Sheirbhísí Logáil Isteach RTÉ. Más rud é nach n-aontaíonn tú a bheith faoi cheangal dlí ag na téarmaí agus na coinníollacha sin go léir agus ag Ráiteas Príobháideachais RTÉ agus ag Tuairimí Úsáideoirí: Téarmaí Úsáide, ní ceart duit rochtain a fháil ar RTÉ.ie ná úsáid a bhaint as RTÉ.ie.

1. Forchoimeádann RTÉ an ceart chun na téarmaí seo, chomh maith lenár Ráiteas Polasaí agus le Tuairimí Úsáideoirí: Téarmaí Úsáide, a athrú ó am go ham. Trí leanúint d'úsáid a bhaint as an láithreán gréasáin tar éis aon athruithe a chur in iúl, aontaíonn tú a bheith faoi cheangal dlí ag na téarmaí agus ag na coinníollacha seo agus ag Ráiteas Príobháideachais RTÉ agus ag Tuairimí Úsáideoirí: Téarmaí agus Coinníollacha, arna n-uasdátú agus/nó arna leasú.

Úsáid Dhleathach

2. Ní fhéadfaidh tú RTÉ.ie agus/nó aon ábhar atá ann a chraoladh, a chóipeáil, a íoslódáil, a fhrámáil, a atáirgeadh, a athfhoilsiú, a phostáil, a tharchur, a chumasc, a oiriúnú, a athdhíol, a athúsáid nó a úsáid ar aon slí eile, ná ní fhéadfaidh tú achoimre ar na nithe sin a dhéanamh ná eagarthóireacht a dhéanamh orthu, ach amháin ar mhaithe le d'úsáid phearsanta, neamhthráchtála, neamhghnó féin. Chun RTÉ.ie nó aon ábhar atá ann a úsáid ar aon slí eile, ní mór cead i scríbhinn a fháil roimh ré ó RTÉ.

3. Aontaíonn tú gan RTÉ.ie a úsáid ach amháin chun críoch dleathach agus ar shlí nach sáraíonn cearta aon tríú páirtí ná nach srianann ná nach dteorannaíonn úsáid ná teachtadh an láithreáin gréasáin seo ag aon tríú páirtí. Áirítear na nithe seo a leanas in iompar toirmiscthe ach gan é a bheith teorannaithe do na nithe sin: sárú ar chearta maoinleachtúla tríú páirtí agus ar chearta eile tríú páirtí, clúmhilleadh, ciapadh a dhéanamh, nó a bheith ina chúis le tochsáil nó ciotáil, d'aon duine, sireadh a dhéanamh ar mhionaoisigh, ábhar graosta nó maslach nó aon ní a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'inoibritheacht nó do shlándáil RTÉ.ie a tharchur.

Séanadh/Dliteanas a Theorannú

4. Déantar RTÉ.ie agus an t-ábhar atá ann a sholáthar ar bhonn "MAR A FHAIGHTEAR" agus "MAR ATÁ AR FÁIL" gan aon uiríll nó gan aon bharánta d'aon chineál, cibé acu sainráite, intuigthe nó reachtúil, maidir le hindíoltacht, maidir le hoiriúnacht chun críche áirithe, maidir le neamhshárú, maidir le comhoiriúnacht, maidir le slándáil ná maidir le cruinneas.

5. Ní bheidh RTÉ faoi dhliteanas i leith aon chailiteanais ná damáistí, lena n-áirítear cailiteanas nó damáistí atá díreach, neamhdhíreach nó iarmhartach, lena n-áirítear, gan teorainn, cur isteach ar ghnó, cailleadh sonraí nó brabús, cibé acu mar thoradh ar chonradh, mar thoradh ar fhaillí nó mar thoradh ar ghníomh tortach eile a éiríonn as úsáid RTÉ.ie nó as neamhábaltacht RTÉ.ie a úsáid, nó i dtaca le húsáid RTÉ.ie nó le neamhábaltacht RTÉ.ie a úsáid.

6. Ní bharántaíonn RTÉ go mbeidh feidhmeanna atá ann in RTÉ.ie agus san ábhar atá ann ar fáil gan cur isteach nó saor ó earráidí, go gceartófar lochtanna, ná go bhfuil RTÉ.ie nó an freastalaí trína gcuirtear ar fáil é saor ó víris nó ó fhabhtanna.

Fothaí RSS

7. Cuirtear fothaí RSS d'ábhar RTÉ.ie ar fáil saor in aisce do dhaoine aonair le haghaidh úsáide pearsanta agus neamhthráchtála amháin. Úsáid fothaí RSÉ.ie RSS chun críocha tráchtála nó chun neamhbhrabúisTeastaíonn comhaontú roimh ré ó RTÉ ó eagraíochtaí agus ní mór duit teagmháil a dhéanamh ar dtús leis an iomchuíeagarthóir. Trí bheatha RSS.ie RSS a íoslódáil, admhaíonn tú nach nglacann RTÉ leisdliteanas as a chuid fothaí RSS, agus nach bhfuil RTÉ freagrach as ábhar láithreáin ghréasáin tríú páirtí.

Maoin Intleachtúil

8. Admhaíonn tú go bhfuil RTÉ.ie agus an t-ábhar atá ann, lena n-áirítear téacs, íomhánna agus lógónna trína sainaitnítear RTÉ, RTÉ.ie nó tríú páirtithe, agus/nó a dtáirgí agus a seirbhísí, gan bheith teoranta do na nithe sin, faoi réir cóipchirt, ceart dearthóireachta agus trádmharcanna agus/nó ceart eile maoinne intleachtúla atá faoi úinéireacht ag RTÉ agus/nó ag tríú páirtithe. Níl cead agat aon trádmharc, paitinn, ceart dearthóireachta, ceart bunachair sonraí, cóipcheart nó aon cheart eile maoinne intleachtúla de chuid RTÉ agus/nó aon tríú páirtí eile a úsáid gan toiliú i scríbhinn a fháil roimh ré ó RTÉ nó ón tríú páirtí.

Ábhar a phostáiltear ar Láithreán Gréasáin RTÉ

9. Trí “Ábhar” a phostáil ar RTÉ.ie (arb é an sainmhíniú atá air chun críocha na dtéarmaí agus gcoinníollacha seo ná ábhar ina n-áirítear aon téacs d’aon chineál lena n-áirítear, gan teorainn, aon tuairimí nó aighneachtaí, aon ghrianghraif, aon ghrafaicí, aon fhísábhar nó aon chlosábhar a phostálann tú ar aon chuid de RTÉ.ie nó d’ardáin, de chuntais nó de leathanaigh a bhfuil brandáil RTÉ orthu), aontaíonn tú go bhféadfaidh RTÉ – saor ó tháille – an tÁbhar nó aon chuid de a úsáid, a mhodhnú agus a chóipeáil, eagarthóireacht a dhéanamh air nó ar aon chuid de, nó an tÁbhar nó aon chuid de a nochtadh do thríú páirtithe agus an tÁbhar nó aon chuid de a chur ar fáil, de réir mar is cuí leis, ar láithreán gréasáin RTÉ.ie nó ar aon seirbhísí eile de chuid RTÉ nó tríú páirtithe in aon mheáin ar fud an domhain atá ar eolas faoi láthair nó a fhorbrófar amach anseo. Trí Ábhar a sholáthar do RTÉ, daingníonn tú agus barántaíonn tú gur saothar bunaidh s’agat féin é agus nár cóipeáladh é ó aon duine eile nó nach sáraíonn sé aon chearta maoinne intleachtúla nó cearta eile de chuid tríú páirtí agus nach ábhar é atá clúmhillteach, graosta, díobhálach do mhionaoisigh, ciapach, maslach, gnéasaíoch, homafóbach nó bagrach, a ghríosódh fuath ciníoch nó foréigean, nó a sháródh cearta príobháideachais nó rúndachta aon duine nó a dhéanfadh dochar d’imeachtaí dlíthiúla agus nach ábhar é a phostáiltear chun críoch poiblíochta nó tráchtála. Ní ráthaíonn RTÉ go n-úsáidfear Ábhar nó go ndéanfar é a chur ar fáil ar shlí eile.

10. Aontaíonn tú RTÉ a shlánú, agus a choimeád slán, go hiomlán agus go héifeachtach i leith gach damáiste, éilimh, dliteanas (lena n-áirítear dliteanas i leith tríú páirtithe), caillteanas, costais caiteachais (lena n-áirítear táillí agus costais réasúnacha dlíthiúla) a éiríonn as sárú ar an mbaránta i mír 9 thuas nó i dtaca le sárú den sórt sin nó mar thoradh ar shárú den sórt sin.

11. I gcás ina soláthraíonn tú Ábhar ar mhodh tuairimí a phostáiltear ar aon chuid de RTÉ.ie nó d’ardáin, de chuntais nó de leathanaigh a bhfuil brandáil RTÉ orthu, aontaíonn tú nach bhféachfaidh tú le pearsanú a dhéanamh ar aon tríú páirtí nó nach ndéanfaidh tú tuairimí atá curtha go bréagach i leith aon tríú páirtí a phostáil. Admhaíonn tú go bhfuil tusa freagrach as aon tuairimí a phostálann tú agus gur tusa amháin atá freagrach as d’iompar maidir le hÁbhar den sórt sin a phostáil ar aon chuid de RTÉ.ie nó d’ardáin, de chuntais nó de leathanaigh a bhfuil brandáil RTÉ orthu. Ní ceadmhach aon naisc le haon láithreáin ghréasáin nó le haon leathanaigh ghréasáin a chur isteach.

12. Trí Ábhar a phostáil ar RTÉ.ie, daingníonn tú go bhfuil an ceart agat cead a thabhairt do RTÉ an tÁbhar a úsáid chun na gcríoch a shonraítear thuas, agus go bhfuil toiliú faighte agat ó aon duine atá in-sainaitheanta i d’Ábhar nó go bhfuil toiliú faighte agat óna dtuismitheoir/gcaomhnóir má tá siad faoi bhun

18 mbliana d'aois. Déanfaidh RTÉ d'ainm taispeána a chur ar taispeáint in éineacht le d'Ábhar. D'fhéadfadh sé tarlú go mbeidh ar RTÉ, chun críoch riaracháin nó fíorúcháin, teagmháil a dhéanamh leat i ndáil le d'Ábhar. Chun mionsonraí iomlána a fháil i dtaobh cén uair agus conas a dhéanfaimid teagmháil leat, féach Ráiteas Príobháideachais RTÉ le do thoil. Déanann RTÉ faisnéis faoi úsáideoirí RTÉ.ie a phróiseáil de réir Ráiteas Príobháideachais RTÉ. Ní hionann Ábhar agus tuairimí RTÉ.ie ná RTÉ mura rud é go luaitear amhlaidh go sonrach.

13. Déanann RTÉ, dá lánrogha féin, an ceart iomlánach a fhorchoimeád chun eagarthóireacht a dhéanamh ar Ábhar úsáideora, chun an tÁbhar sin a bhogadh, a mhodhnú agus a scriosadh agus chun scor den Ábhar sin a fhoilsiú. Ní féidir le RTÉ tuairimí nach bhfuil ainm taispeána ná seoladh ríomhphoist ag gabháil leo a fhoilsiú.

14. Más rud é nach mian leat cead a thabhairt do RTÉ d'Ábhar a úsáid de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo, de réir ár Ráitis Príobháideachais agus de réir Tuairimí Úsáideoirí: Téarmaí Úsáide, ná páirtigh le RTÉ iad, ná cuir faoi bhráid RTÉ iad nó ná postáil ar RTÉ.ie iad.

Láithreáin/Naisc Thríú Páirtí

15. Níl RTÉ freagrach as infhaighteacht ná as ábhar aon láithreáin gréasáin tríú páirtí ná as ábhar a bhfaightear rochtain air trí láithreán gréasáin RTÉ.ie. Ní fheidhmíonn RTÉ aon rialú ná maoirsiú ar ábhar na láithreán gréasáin nasctha sin.

16. Ní thacaíonn RTÉ le haon ábhar, fógraíocht, táirgí, seirbhísí nó faisnéis atá ann, nó atá ar fáil, ar láithreáin ghréasáin tríú páirtithe ná ní bheidh sé freagrach as aon ní den sórt sin. Maidir le láithreáin ghréasáin tríú páirtithe a bhfuil nasc leo ar fáil trí RTÉ.ie, ní thagann siad faoi réim na dtéarmaí agus na gcoinníollacha seo agus ní ghlacann RTÉ le haon fhreagracht astu ná as aon chailteanas nó damáiste a d'fhéadfadh a bheith ann mar thoradh ar an úsáid a bhaineann tú astu.

Ginearálta

17. Más rud é go bhfaightear aon fhorálacha de na téarmaí agus na coinníollacha seo a bheith neamhdhlíthiúil, neamhbhailí nó neamh-infhorfheidhmithe ar shlí eile de bharr dlíthe aon stáit nó tíre a mbeartaítear go mbeidh éifeacht leis na téarmaí agus ag na coinníollacha seo, ansin, a mhéid atá, agus sa dlínse ina bhfuil, an téarma sin neamhdhlíthiúil, neamhbhailí nó neamh-infhorfheidhmithe déanfar é a théarbhú agus a scriosadh as na téarmaí seo agus mairfidh na téarmaí eile agus leanfaidh siad d'fheidhm agus d'éifeacht iomlán a bheith acu.

18. Déanfar na téarmaí seo agus gach díospóid agus gach ábhar a éiríonn astu nó i dtaca leo a rialú le dlíthe na hÉireann, agus léireofar iad de réir na ndlíthe sin, agus beidh siad faoi réir dhlínse eisiatlach Chúirteanna na hÉireann.